# Béising+20: An Clár Oibre Gníomhaíochta (BPfA) agus an tAontas Eorpach
## Réimse L: An Leanbh Mná

## Comhthéacs Beartais

Is éagsúil í an óige de réir inscne. Mar sin de, éilítear go gcuirtear aird ar leith ar riachtanais agus chearta cailíní i mbeartais a bhaineann le leanaí. Cuireann nochtadh cailíní agus buachaillí ar steiréitíopaí inscne sna meáin agus san oideachas, agus caitheadh difriúil idir cailíní agus buachaillí, le roghanna steiréitipciúil san oideachas agus i ngairmeacha. Is iad na cailíní is mó atá i gcontúirt foréigin bunaithe ar inscne, lena n-áirítear míúsáid ghnéis, pornagrafaíocht agus gáinneáil. Tháinig cineálacha eile foréigin chun tosaigh ar na mallaibh ag úsáid teicneolaíochtaí úrnua le díriú ar leanaí, go mór mór ar chailíní, amhail cibearbhulaíocht. Bíonn dúshláin go fóill in aghaidh cailíní as áiteanna tuaithe iargúlta, cailíní faoi mhíchumais, cailíní Romacha, agus cailíní in institiúidí leanaí, maidir le rochtain ar sheirbhísí sláinte, oideachais agus sóisialta. Ina theannta sin, tá baint de réir inscne sna nósanna itheacháin, sláinte ghinearálta agus ghnéis, atá difriúil idir na cailíní agus na gasúir.

### Conclúidí Chomhairle AE maidir le Tuarascáil ó Uachtaránacht na Slóivéine (2008)

- Cinneann nach bhfuil beartais agus gealltanais AE a dhírítear ar leanaí íogair go leor ó thaobh inscne de.
- Luann nach bhfuil aird ar leith ar mhíbhuntáistí cailíní dírithe ach ar chúpla réimse (e.g. cineálacha áirithe idirdhealaithe agus foréigin, amhail ciorrú ball giniúna ban).

### Clár Oibre an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh (2011)

- Iarrann cothú cur chun feidhme éifeachtach forálacha Chairt AE maidir le Cearta Daonna a thugann aghaidh ar chearta daonna agus cur chun bhfeidhme éifeachtach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC).
- Molann líon gníomhartha praiticiúla (e.g ceartas a thacaíonn le leanaí, leanaí a chosaint i gcásanna contúirteacha, foréigean in aghaidh leanaí a chomhraic in AE agus lasmuigh den Aontas Eorpach).

### Treoireacha ón Aontas Eorpach (2011-2012)

- Leanaí a shainaithint atá i mbaol an fhoréigin go háirithe agus bheith d'aidhm creat um chosaint íospartach (an Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine, an Treoir 2011/92/AE maidir le cionta gnéasacha i gcoinne leanaí a chomhrac).
- Béim a chur ar an ngá le seirbhísí speisialaithe do ghrúpaí leochaileacha (e.g. íospartaigh mhná míúsáide agus a gclann) (an Treoir 2012/29/AE maidir le híospartaigh an fhoréigin).

### Tuairisc Chomhairleach don Choimisiún Eorpach agus Conclúidí na Comhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) (2012)

Díríonn ar thionchar na géarchéime eacnamaíochta agus airgeadais ar leanaí.

### Moladh ón gCoimisiún Eorpach (2013)

- Aithníonn baol níos airde bochtaineachta agus eisiamh sóisialta do leanaí.
- Aithníonn gur ceart go mbeadh comhionannas inscne agus an comhrac i gcoinne idirdhealaithe a dhéantar ar leanaí mar chuid d'aon iarracht chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus le heisiamh sóisialta.
- Aithníonn go bhfuil cearta neamhspleácha ag leanaí agus iarrann gníomh a dhíríonn ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach le leanaí (e.g. luathfhágáil na scoile a laghdú) agus le foréigean in aghaidh leanaí.

## Cuspóirí straitéiseacha BPfA agus táscairí an Aontais Eorpaigh

**L.1.** Gach cineál idirdhealaithe in aghaidh an linbh mhná a dhíothú.

**L.2.** Dearcthaí diúltacha cultúrtha agus cleachtais in aghaidh cailíní a dhíothú.

**L.3.** Cearta an linbh mhná a chur chun cinn agus a chosaint agus feasacht a mhéadú maidir lena riachtanais agus acmhainneacht.

**L.4.** Idirdhealú in aghaidh cailíní san oideachas, i bhforbairt scileanna agus in oiliúint a dhíothú.

**L.5.** Idirdhealú in aghaidh cailíní i sláinte agus i gcothú a dhíothú.

**L.6.** Saothrú eacnamaíochta ar leanaí a bheith ag obair a dhíothú agus cailíní óga ag an obair a chosaint.

**L.7.** Deireadh a chur le foréigean in aghaidh an linbh mhná.

**L.8.** Feasacht an linbh mhná a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht i saol sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúil.

**L.9.** Ról an teaghlaigh a neartú maidir le stádas an linbh mhná a fheabhsú.

Sa bhliain 2008, faoi Uachtaránacht na Slóivéine ar AE, chomhaontaigh an Chomhairle thrí tháscaire le hoideachas gnéis agus caidrimh, fairsinge féiníomhá diúltaí i measc cailíní agus buachaillí agus feidhmíocht choibhneasta cailíní agus buachaillí ag 15 bliana d'aois i matamaitic agus eolaíochtaí a mheas, chomh maith le láithreacht na mban san oideachas treasach in ábhair ina bhfuil an claonadh go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures

## Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

### An bhearna inscne ag druidim i bhfeidhmíocht i matamaitic agus litearthacht eolaíochta

Léiríonn torthaí ón gClár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí 2012 (PISA) (Staidéar PISA ECFE) go bhfuil torthaí na gcailíní i matamaitic níos lú ná na buachaillí. Is cosúil go bhfuil laghdú, áfach, sna difríochtaí idir torthaí na gcailíní agus torthaí na mbuachaillí i gcomparáid le 2009. Tá na difríochtaí idir torthaí na gcailíní agus na mbuachaillí níos lú san eolaíocht agus déanann cailíní níos fearr ná buachaillí i mórchuid de na Ballstáit.

B'anard an scair de mhic léinn mhná a bhí in oiliúint múinteoirí agus in eolaíocht oideachais in 2006 agus tá go fóill, le 77 % de na mic léinn uile ag leibhéal AE sa bhliain 2012.

Féadtar an mhíchothromaíocht inscne is mó ar mhíbhuntáiste na mban a fheiceáil sna mic léinn atá san oideachas treasach i réimse na heolaíochta, an mhatamaitic agus na ríomhaireachta: in 2012, bhí níos lú ná 50 % de chailíní iontu i mórchuid de na Ballstáit.

### Tá éagsúlacht san oideachas gnéis agus caidrimh in AE agus tá an claonadh ann díriú ar shláinte


Tá an toideachas gnéis agus caidrimh sna Ballstáit éagsúil agus dírítear ar aoisghrúpaí difriúla. In 2012, ní raibh oideachas gnéis éigeantach i seacht gcinn de na Ballstáit. Ní chuireann a lán Ballstát oideachas gnéis agus caidrimh ar fáil ach go luath san oideachas, agus ní chuireann ach líon beag acu ar fáil le linn na scoilbhlianta é.

Dírítear oideachas gnéis agus caidrimh ar shaincheisteanna amhail frithghiniúint, galair ghnéastarchurtha agus toirchis neamhphleanáilte i ngach Ballstát. Den chuid is mó, ní phléitear le hábhair amhail foréigean bunaithe ar inscne, steiréitíopaí inscne i gcaidreamh, stiogma a bhaineann le VEID/SEIF agus daoine óga LADT sa churaclam. Chuir roinnt Ballstát beartas chun feidhme le rochtain cailíní ar chearta gnéis agus sláinte atáirgthe a áirithiú.

### Tá tuairim dhiúltach ag cailíní ar a gcorp ó aois anóg

Tugtar faisnéis sa suirbhé Health Behaviour in Schoolaged Children (HBSC) (Iompar Sláinte i Leanaí atá in Aois Scoile) 2009/2010 maidir le Social determinants of health and well-being among young people ar fhorbairt féiníomhá na gcailíní agus na mbuachaillí, trí cheisteanna a chur ar chailíní agus ar bhuachaillí faoina bhFíorinnéacs Corpmhaise (ICM) agus faoin tuairim atá acu ar a gcorp féin.

**CÉATADÁIN DE MHIC LÉINN MHNÁ OIDEACHAIS IN OIDEACHAS TREASACH AS NA MIC LÉINN UILE, 2012**




Foinse: Eurostat, staidreamh oideachais

In 2010, bhí líon na gcailíní agus na mbuachaillí a thuairiscigh go raibh siad "giota beag ramhar" nó "i bhfad róramhar" éagsúil, i measc na mBallstát, ach ar an iomlán agus le himeacht aimsire, is iad na cailíní is mó a thuairiscíonn na measúnachtaí seo; déanann 27 % de chailíní in aois 11 a gcuid meáchan a rómheas, i gcomparáid le 22 % de bhuachaillí. Idir an dá linn, léiríonn áireamh ICM gurb is dóichí go mbíonn buachaillí (17 %) róthrom de réir míochaine nó murtallach, i gcomparáid le cailíní (13 %) 11 bliana d'aois.

Éiríonn féiníomhá diúltach na gcailíní níos measa de réir mar a théann siad in aois, agus léirítear an scair is airde míshástachta ag aois 15. I measc na leanaí 15 bliana d'aois, dúirt scair shuntasach cailíní (40 %) go raibh siad ró-throm in 2012, i gcodarsnacht le buachaillí (22 %). Is dóichí i gcónaí, mar gheall ar an tuairim dhiúltach ar a gcorp, go mbíonn cailíní páirteach i gcláir chailliúna meáchain ag aois anóg. Méadaíonn scair na gcailíní a thosaíonn ar aiste bia de réir mar a théann siad in aois, agus laghdaíonn scair na mbuachaillí.

Tá na hiompair seo mar thoradh ar steiréitíopaí inscne agus ar thionchar na meán ar fhéiníomhá na gcailíní, trí stiogma a chur ar mheáchan agus cuma an choirp, gné nach meastar i dtáscairí reatha fós.


### Tá tionchar éagsúil ag steiréitíopaí inscne ar ghrúpaí cailíní ar leith

Bhí cásanna agus dúshláin ar leith in aghaidh cailíní Romacha faoi réir beartas agus beart i líon Ballstát, a bhfuil pobail Romacha iontu. Ní foláir tabhairt faoi shaincheisteanna amhail luathfhágáil na scoile, gnóthachtáil oideachais níos ísle agus ardráta neamhlitearthachta. Féadtar an feiniméan céanna a fheiceáil i measc cailíní a bhfuil cúlra imirceach acu nó as teaghlach níos boichte. Is gnáth leis na cailíní sin an scoil a fhágáil go luath mar go mbíonn orthu tosú ar obair ar íseal ioncam nó glacadh le freagrachtaí cúraim agus teaghlaigh.

### Foirmeacha nua foréigin a dhírítear ar chailíní

Tháinig cineálacha eile foréigin chun tosaigh ag úsáid teicneolaíochtaí úrnua le díriú ar leanaí — go mór mór ar chailíní — ar na mallaibh (e.g cibearbhulaíocht). Thosaigh cuid de na Ballstáit a gcuid reachtaíochta a mhionathrú lena náiritheofar go gcosnófar cailíní ar an gcineál foréigin síceolaíochta sin, go háirithe ag aois inar féidir go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ar shláinte na gcailíní.

**FÉINÍOMHÁ AN CHOIRP: MÍSHÁSTACHT CAILÍNÍ AGUS BUACHAILLÍ LENA GCORP**




Foinse: Survey of Health Behaviour in School aged Children (Iompar Sláinte i Leanaí atá in Aois Scoile) (HBSC)

## Tograí úsáideacha:

Chuir cuid de na Ballstáit idirghabhálacha inscnesonracha chun feidhme le cailíní agus buachaillí a spreagadh le hábhar agus **slí bheatha** "neamhthraidisiúnta" a mheas. Bíonn Lá na gCailíní bliantúil ann san Ostair, sa Ghearmáin agus san Ísiltír, tuairiscítear gníomhartha comhchosúla sa Chipir, sa Danmhairg agus sa Pholainn, amhail an feachtas sa Pholainn Cailíní mar Innealtóirí. San Eastóin, bíonn laethanta gairmeacha ann do chailíní (agus do bhuachaillí), tacaíocht agus oiliúint le cailíní agus buachaillí a spreagadh i dtreo gairmeacha neamhthraidisiúnta agus roinnt seisiún oiliúna freisin um chumasú (UNECE, 2014).

Rinne cuid de na Ballstáit trácht ar ghníomhartha atá dírithe ar idirdhealú ar leith in aghaidh cailíní, rinne an Rómáin agus an tSlóivéin forbairt ar **chláir le rochtain** ag leanaí as an bpobal Romach **ar oideachas a fheabhsú**.

**Saincheisteanna sláinte agus tabhairt faoi fhoréigean in aghaidh cailíní** a bhí i measc tionscnamh a luadh sna tuarascálacha chuig UNECE. Tugadh isteach vacsaíniú in aghaidh Papalómaivíreas Daonna (HPV) sa Phortaingéil, san Ungáir agus sa Danmhairg do chailíní sna déaga, agus sa Chróit, tugtar treoir ar leith do chailíní agus do thuismitheoirí atá ar HPV sa Chlár um Ghalair GhnéasTarchurtha a Chomhrac agus a Chosc. Cuireadh aird san Ostair agus san Ungáir ar an spéis maidir le hacmhainní a dhíriú i dtreo grúpaí cailíní níos leochailí: Déanann an Ostair seirbhísí tacaíochta éigeandála a mhaoiniú "do chailíní agus do mhná óga atá i mbaol pósadh éigeantais a chur orthu nó atá curtha orthu". Tá clár rannpháirtíochta ar bun san Ungáir do chailíní sna déaga a meastar "leochaileach i roinnt bealaí", amhail máithreacha óga agus úsáideoirí drugaí.

| DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE L: AN LEANBH MNÁ | |
|---|---|
| **DUL CHUN CINN** | **BAIC** |
| • Rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte caighdeáin a fhorbairt a sholáthraíonn bonn maith maidir le treoirlínte ar oideachas gnéis agus caidrimh a chur i bhfeidhm do na Ballstáit.<br>• Tá an bhearna i dtorthaí idir cailíní agus buachaillí i matamaitic ag laghdú.<br>• Tá na cailíní ag déanamh go maith sna heolaíochtaí (agus déanann níos fearr ná buachaillí de ghnáth). | • Tá éagsúlachtaí móra san oideachas gnéis agus caidrimh in AE agus díríonn ar shaincheisteanna a bhaineann le sláinte den chuid is mó.<br>• Is mó go mór an claonadh go mbíonn tuiscint bhréagach ag cailíní go bhfuil siad róthrom, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte.<br>• Tá cailíní faoi ghannionadaíocht i réimse na heolaíochta, an mhatamaitic agus na ríomhaireachta ar scoil, agus san oideachas treasach chomh maith.<br>• Is dóichí fós go roghnaíonn cailíní gairmeacha san oideachas agus san eolaíocht oiliúna. |

## An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Tá cur chuige iomlánaíoch riachtanach i ndearcthaí na gcailíní, rud a thrasnaíonn thar réimsí eile BPfA (e.g. sláinte, oideachas, bochtaineacht, na meáin).
- Ní mór dul chun cinn i bhfeidhmíocht na gcailíní i matamaitic agus in eolaíocht a neartú trí ionadaíocht níos cothroime inscne a bhaint amach in ardréimsí staidéir in eolaíocht, i matamaitic agus i ríomhaireacht.
- Tá gá le cur chuige níos iomlánaí maidir le hoideachas gnéis agus caidrimh d'fhonn díriú ar thionchar na norm, na dearcthaí agus na steiréitíopaí a leathnú agus caidrimh chomhinscne a chur chun cinn.
- Ní foláir an tuairim cheart ar chorpíomhá agus bearta a dhíríonn ar féiníomhá na gcailíní a neartú go luath, lena náirítear na noirm, na dearcthaí agus na steiréitíopaí.
- Tá gá le bearta le díriú ar chineálacha foréigin a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí nua (e.g. cibearbhulaíocht). AVD265-IEDR.

### An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtais chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu/content/r

**Eolas teagmhála:**
European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu
twitter.com/eurogender
youtube.com/eurogender
https://eurogender.eige.europa.eu

ISBN 978-92-9218-563-3
doi:1MISSING
MH-04-15-022-DE-N